# Gabha i Ruisinnamaineach.

Bhí gabha i Ruisinnamaineach fadó bhí sé ag obair ar lá Fhéile Caoilainn.  Tháinig fear isteach.  Cé'n ciall duit bheith ag obair i ndiu nach bhfuil fhios a'd gurb é lá Fhéile Caolainn.

Bhreathnuigh an gabha sias chas sé a cheann.  Níor tháinig Caolainn níos fuide aniar ariamh ná Cruach na Caoile adeir an gabha ag tabhairt sásaimh don té a bhí dhá fhiaraigh.  Níor thug sé anias a cloigeann ní ba mó go bhfuair sé bás.